Máthair na horchra an éigse

[Réamonn Ó Muireadhaigh, ‘Marbhna ar Mhuiris mac Torna Uí Mhaolchonaire’, *Éigse* 15, 215-21]

Maolmhuire mac Eóghain Uí Uiginn cct.

1 Máthair na horchra an éigsi,
bean a mbroid a leithéid-si,
gan aithne ar dhéine a docra,
d’aithle a céile caomhanta.

2 Máthair iar gcall a clainne
an éigsi ar aoi n-anbhainne;
- gá fachain as doilghe dhí? -
athair gan oighre isi.

3 Grian dheallruightheach iar ndubhadh
nó ré ara ró urd*h*ubhadh,
ar thoirrsi do thréig-si a neart,
soillsi na héigsi ar n-imtheacht.

4 Do bhlogh ceart chuinge a hana,
do chaill a cóig cédfadha,
cách a-nocht i ndamhann di,
corp gan anam an éigsi.

5 Ní hiongnadh truime a teadhma,
do chaill sí - as dál doim*h*eanma! -
grian ghlanta a céime gan cheas,
a céile, a dalta díleas.

6 Eochair osgailte a hiúil ghloin
Muiris m*a*c Torna iúlmhair,
lá naomhuidhe a neirt a ég,
aoghaire a ceirt do choimhéd.

7 Cuisle cumpair a croidhe
Muiris Ua Maol Chonaire,
eó linneadh a teandál dte,
leannán inneadh na héigse.

8 An éigsi ’s gach aird d’Éirinn
bás Mhuiris a mórchréidhim,
rian grinneóil a soluis so,
inneóin fhoruis na heagna.

9 Doirsi inntleachta ar b*h*fear b*h*fis
do hiadhadh tre ég M*h*uiris,

néall ceasa as cian ’na ionadh,
grian an fheasa d’f*h*oillsiughadh.

10 Do mhuidh fá M*h*uiris do cheas
gur d*h*earmoid an t-ord éigeas
seacht ngráidh na bhfileadh ar fad
nár dligheadh dáibh do d*h*earmad.

11 Tearc dá éis ar tí a dtarbha -
corp, trácht, amhra, is agallmha,
sgeóil ágha gan chomhdha a gcairt,
tána, toghla, *agus* tochmhairc.

12 San éigsi d’fhiadhain na sgol
aoinchéim dob oircheas d’ollamh
uaidh ara fad ní foghar
bog ná cruaidh gan chuartughadh.

13 Filidheacht, fearacht dána,
sgéla trod as teagmhála,
’s lorg gach aoin do leanmhuin leis,
’s gach taoibh do mheabhr*uig*h Muireis.

14 Sgríbhneóir ná léghthóir dar linn
dob annamh mar é a nÉirinn,
fuair tréidhe gan chruas gcroidhe -
léire is luas gan lochtuidhe.

15 Fuair Muiris ó M*h*ac M*h*uire
- créd so acht sochar síoruidhe? -
dealbh dheaghbhog dar dú molta,
clú gan dearmad diadhachta.

16 A neimhchion féin fíorg*h*rádh cháigh,
saibhrios gan choigill gconáigh,
rún gan cheilg, sáirfhios na sean,
áinios gan fheirg re haoinfhear.

17 Foirm bhríoghmhar, beagán comhráidh,
neart as umhlacht iodhang*h*ráidh,
fríoth le m*a*c Áine go hur
dar lat - gá sáimhe saoghal?

18 Inntleacht áith nár fhás meirge,
deilbh úr a g*h*rés nGaoidheilge,
d’iúl feasa adhbhar n-iodhan,
adhnadh ceasa a chuimhniughadh.

19 Fuaim bheóil Mhuiris m*h*ic Torna

le dréacht diamhair ealadhna
nó a shéis acla cheóil gcoirche
fa seóil gadtha geamhoidhche.

20 Cuimhne a thréitheadh ’s a thoile
damh-sa as adhbhor eólchuire,
síorghlés doilghe ’na dheagh*aidh*
cuimhne a fhíorghrés n-oideamhoil.

21 Oideacht d’iarraidh ’na ionadh
nó mh’oideas d’aon d’f*h*oillsiughadh,
truagh mar do fhan mh’anam ris
an tan nach marann Muiris.

22 An connradh do cheangl*as* ris
uchán! uch nach é M*uir*is
far marbhna an tan-so ó thol
tarla dhamh-sa dhá d*h*énamh.

23 Mo ghaol, mo shearc, mo sheisi,
uch! uch! dob é an Muireis-i;
rathoil an rosgghlain fhearrdha,
m’f*h*achain mhosglaidh mímheanma.

24 Sé céd dég as naoi gcúig cain,
aois Chríosd go beacht do b*h*liadhnoibh,
comhdha ar ngráidh, an ghég gan gheis,
go hég a-mháin do Mhuireis.

25 Guidhim d’ionnradh ar n-anma,
sul tí tráth na togharma,
díonshódh don uile ar gach oil,
an fhíorógh Muire Mháthair. MÁTHAIR NA